Independent financial advice about long-term mortgage options

If your lender offers you a long-term proposal to restructure the mortgage on your home, they will advise you to take independent financial advice from an accountant on the proposal offered. This service is free for borrowers. Your lender will pay €250 for this service and you can select an accountant from a panel drawn from recognised accountancy bodies.

You can find an accountant in your area on **www.keepingyourhome.ie**

Comhairle neamhspleách airgeadais faoi roghanna fadtéarma morgáiste

Má dhéanann d'iasachtóir togra fadtéarma a thairiscint duit chun an morgáiste ar do theach a athstruchtúrú, molfaidh siad duit comhairle neamhspleách airgeadais a fháil ó chuntasóir ar an togra a dhéantar a thairiscint. Ní ghearrtar aon táille ar iasachtaithe i leith na seirbhíse seo. Íocfaidh d'iasachtóir €250 don tseirbhís seo agus féadfaidh tú cuntasóir a roghnú ó phainéal a tharraingítear ó chomhlachtaí aitheanta cuntasaíochta.

Féadfaidh tú teacht ar chuntasóir i do cheantar féin ar **www.keepingyourhome.ie**

Mortgage Arrears Information and Advice Service

keepingyourhome.ie

Information on supports and services if you are in mortgage arrears or think you are at risk of going into arrears on your home.

Mortgage Arrears Information Helpline

0761 07 4050, Monday to Friday, 9:30am – 5pm

Independent financial advice about long-term mortgage options

Advice is available from an accountant on the proposal offered by your lender to resolve your mortgage difficulties.

Seirbhis Fhaisnéise agus Chomhairle ar Riaráistí Morgáiste

keepingyourhome.ie

Faisnéis ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí má tá tú i riaráistí morgáiste nó má shíleann tú go bhfuil baol ort dul i riaráistí morgáiste ar do theach.

Líne Chabhrach um Fhaisnéis ar Riaráistí Morgáiste

0761 07 4050, ó Luan go hAoine, idir 9:30rn agus 5in.

Comhairle neamhspleách airgeadais faoi roghanna fadtéarma morgáiste

Tá fáil ar chomhairle ó chuntasóir ar an togra a dhéanann d'iasachtóir a thairiscint chun do dheacrachtaí morgáiste a réiteach.

Mortgage Arrears
Information and Advice Service

Citizens **Information** Board
information · advice · advocacy

Seirbhís Fhaisnéise agus Chomhairle ar
Riaráistí Morgáiste

An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

CITI003_Mortgage_Arrears_DL_Leaflet_Accessible.indd 1-3
22/10/2013 10:57

Mortgage Arrears Information and Advice Service

The Government understands the difficulties that many homeowners face in meeting their mortgage commitments.

This leaflet is being sent to all mortgage holders to let people know about the Mortgage Arrears Information and Advice Service. If you are in mortgage arrears or think you are at risk of going into arrears, this service can help you understand your options. The service has three parts:

- A website, **www.keepingyourhome.ie**
- A Mortgage Arrears Information Helpline on **0761 07 4050**
- Independent financial advice for borrowers being offered a long-term mortgage option

Seirbhís Fhaisnéise agus Chomhairle ar Riaráistí Morgáiste

Tuigeann an Rialtas na deacrachtaí a d'fhéadfadh bheith ag go leor úinéirí tí lena gceangaltais mhorgáiste a chomhlíonadh.

Tá an bhileog seo á seoladh go dtí gach sealbhóir morgáiste le daoine a chur ar an eolas faoin tSeirbhís Fhaisnéise agus Chomhairle ar Riaráistí Morgáiste. Má tá riaráistí morgáiste agat nó má shíleann tú go bhfuil baol ort dul i riaráistí, féadfaidh an tseirbhís seo cabhrú leat do chuid roghanna a thuiscint. Tá trí chuid sa tseirbhís:

- Láithreán gréasáin, **www.keepingyourhome.ie**
- Líne Chabhrach um Fhaisnéis ar Riaráistí Morgáiste ar **0761 07 4050**
- Comhairle neamhspleách airgeadais d'iasachtaithe a bhfuil togra fadtéarma morgáiste á thairiscint dóibh

keepingyourhome.ie

www.keepingyourhome.ie provides information for homeowners who are in mortgage arrears or concerned about going into arrears.

The website covers the Central Bank's statutory Code of Conduct on Mortgage Arrears (CCMA), which sets out clear procedures for mortgage lenders to follow when borrowers are in arrears or at risk of going into arrears. The CCMA includes a four-step Mortgage Arrears Resolution Process (MARP).

You can find further information on the CCMA, the MARP and other supports and services on **www.keepingyourhome.ie**

keepingyourhome.ie

Cuireann **www.keepingyourhome.ie** faisnéis ar fáil d'úinéirí tí atá i riaráistí morgáiste nó atá buartha faoi dhul i riaráistí morgáiste.

Cuimsíonn an láithreán gréasáin Cód Iompair reachtúil an Bhainc Cheannais ar Riaráistí Morgáiste (CIRM). Leagann an CIRM amach nósanna imeachta soiléire le leanúint ag iasachtóirí morgáiste lena n-iasachtaithe atá i mbaol dul i riaráistí morgáiste nó atá i riaráistí cheana féin. Áirítear leis an CIRM Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM) ina bhfuil ceithre chéim.

Féadfaidh tú teacht ar thuilleadh faisnéise ar an CIRM, ar an PRRM agus ar thacaíochtaí agus seirbhísí eile ar **www.keepingyourhome.ie**

Mortgage Arrears Information Helpline

The Mortgage Arrears Information Helpline provides information and guidance for homeowners who are worried about going into mortgage arrears or who are already engaging in their lender's Mortgage Arrears Resolution Process (MARP).

If you would like information on a mortgage arrears issue, the Helpline is open for calls from Monday to Friday, 9:30am to 5pm.

0761 07 4050

Monday to Friday 9:30am – 5pm

Líne Chabhrach um Fhaisnéis ar Riaráistí Morgáiste

Cuireann an Líne Chabhrach um Fhaisnéis ar Riaráistí Morgáiste faisnéis agus treoir ar fáil le haghaidh úinéirí tí atá buartha faoi dhul i riaráistí morgáiste nó atá ag tabhairt faoi Phróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM) a n-iasachtóra cheana féin.

Más mian leat breis faisnéise a fháil ar cheist riaráistí morgáiste, tá an Líne Chabhrach ar oscailt le haghaidh glaonna ón Luan go hAoine, idir 9:30rn agus 5in.

0761 07 4050

Ó Luan go hAoine, idir 9:30rn agus 5in

CITI003_Mortgage_Arrears_DL_Leaflet_Accessible.indd 4-6 22/10/2013 10:57